**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0548/2021**

9.11.2021

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le sárú ar chearta san Iodáil

**Francesca Donato, Gunnar Beck, Sergio Berlato, Virginie Joron, Joachim Kuhs, Jean-Lin Lacapelle, Guido Reil, Robert Roos, Ivan Vilibor Sinčić, Cristian Terheş, Milan Uhrík, Mick Wallace**

**B9-0548/2021**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le sárú ar chearta san Iodáil**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine,

A. de bhrí gur thug an tAontas Deimhniú Digiteach COVID AE isteach chun saorghluaiseacht idir na Ballstáit a éascú agus chun aon idirdhealú in aghaidh daoine neamh-vacsaínithe a sheachaint;

B. de bhrí go ndearna Rialtas na hIodáile an teastas éigeantach do gach gníomhaíocht shóisialta, don fhostaíocht, don oideachas ollscoile, do rochtain ar áitribh agus don iompar poiblí;

C. de bhrí gur tugadh isteach leis toimhde iomlán ionfhabhtaíochta do dhaoine neamh-vacsaínithe agus toimhde iomlán neamh-ionfhabhtaíochta do dhaoine vacsaínithe, nach bhfuil bunús eolaíoch leo, agus go bhfuil sé d'iallach ar chónaitheoirí ann gnáthamh ionrach agus contúirteach a fháil;

D. de bhrí nach bhfuil daoine a bhfuil vacsaíní fritásctha dóibh mar gheall ar riochtaí sláinte a bhí orthu cheana díolmhaithe ón riail sin agus de bhrí nach bhfaigheann daoine a bhfuil éifeachtaí díobhálacha orthu cúnamh saor in aisce;

1. ag tabhairt dá haire go bhfuil sárú tromchúiseach á dhéanamh san Iodáil ar chearta an duine maidir le saoirse, fostaíocht, comhionannas, oideachas, sláinte agus saorchaint an duine aonair agus go bhfuil agóidí síochánta á gcur faoi chois go foréigneach;

2. á iarraidh ar AE na sáruithe sin ar an smacht reachta a cháineadh agus a iarraidh ar Rialtas na hIodáile urraim a léiriú do chearta an duine a chumhdaítear in Airteagal 1 agus i Roinn I den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, go háirithe Airteagail 3, 10, 11 agus 14, agus i bPrótacal Uimh. 12 de;

3. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún, chuig an gComhairle agus chuig Rialtas agus Parlaimint na hIodáile.